

Helen Ní Shé

Thá sé cúig nóiméad is fiche ...tar éis an mheán lae agus sibh ag éisteacht leis an Saol Ó Dheas. Thá an Coimisinéir Teanga, Rónán Ó Domhnaill, thá sé liom ar an líne gutháin, mar gur cosúil go bhfuil post gan aon riachtanas Gaeilge ag dul leis fógraithe ag an Roinn Talmhaíochta d'Oibrí Ginearálta i gCuan an Daingin i gCorca Dhuibhne. Anois, chuala muid go leor mar gheall air seo má bhíomhar ag éisteacht le Raidió na Gaeltachta agus ag léamh Tuairisc.ie agus na meáin eile le laethanta beaga anuas. Chuala muid go leor cainte mar gheall ar phost dá leithéidí céanna a fógraíodh i Ros a Mhíl agus gan riachtanas Gaelainn ag baint leis an bpost son ach chomh beag ach is cosúil anois go bhfuil an cas amhlaidh do phost i gCuan an Daingin anso i nGaeltacht Chorca Dhuibhne.

Fáilte is fiche romhat, a Rónáin.

Go raibh maith a't, a Helen.

An b'é an cas céanna, Rónáin, athá i ceist anso agus cas Ros a Mhíl, ab ea?

Rónán Ó Domhnaill

Sea, an cas ceannann céanna. Tá an Roinn Talmhaíochta ag cur fógairtí amach sna nuachtáin áitiúla agus ar suíomhannaí gréasáin do oibríthe ginearálta, mar a thugann siad orthu, do dhá chéibh, céibh an Daingin agus céibh Ros a' Mhíl agus tá na riachtanaisí céanna leagtha síos, go bunúsach, go mbeadh sé riachtanach go mbeadh Béarla ag an té, ag an té a cheapfar ach níl sé riachtanach, aisteach go leor, go mbeadh Gaeilge ag an té a cheapfar. Anois, deir siad nuair a théann tú thríd an tsonraíocht don phost ina iomláine, deir siad go bhfuil sé inmhianaithe go mbeadh Gaeilge ag an duine, go bunúsach, séard atá siad a' rá go mbeadh sé go deas go mbeadh Gaeilge ag an duine, is cuidiú a bheadh ann ach níl sé leagtha síos mar bhunriachtanas mar atá don Bhéarla don dhá chéibh go dtí mar do chéibh Ros a Mhíl agus do chéibh an Daingin agus is bocht an scéil é i ndáiríre go mbeadh a leithid ag tarlú, go mbeadh oifig Stáit, Roinn Rialtais sa gcás seo, ag fógairt poist le líonadh sa nGaeltacht ach gan aon riachtanas Gaeilge leo. Tá sé a' dhul glan in aghaidh, mar is eol dúinn, polasaí an Stáit ó thaobh an Phleanáil Teanga de mar shampla, tá iarrtha ar na pobail Ghaeltachta ar fad Plean Teanga a ullmhú, tá Rós a Mhíl i limistéar Chois Fharráige don Phlean Teanga sin, tá a cheann fhéin ansin sa Daingean ag Corca Dhuibhne agus ní dhéanann sé aon chiall, is cuma d'éinne a bheadh ag breathnú isteach orainn ón taobh amuigh, ní dóigh liom go ndéanann sé aon chiall d'éinne go mbeadh na pobail ag ullmhú plean chun seirbhísí trí Ghaeilge a sholáthar agus chun iarracht a chinntiú go mbeidh an Ghaeilge beo mar theanga amach anseo agus ar an láimh...ar an taobh eile den scéal go mbeadh an Stát ag rá fair play dhíobh as ucht plean teanga a chur le chéile ach dála an scéil níl muide chun a chinntiú go bhfostófar duine le Gaeilge atá ag oibriú thar cheann an Stáit sa limistéar céanna. So chuige sin, shocraigh mé inné scríobh, nuair a díriodh m'aird ar seo, shocraigh mé scríobh ag Ard-Rúnaí na Roinne Talmhaíochta faoin dá...dá phost, faoin dá chéibh, céibh an Daingin agus céibh Ros a' Mhíl chun é sin a chur ina luí orthu go mór mhór an..an, caithfidh mise Helen is dóigh feidhmiú mar Choimisinéir Teanga ó thaobh cúrsaí reachtaíochta dhe agus, ó thaobh na reachtaíochta dhe i scéim teanga na Roinne...na Roinne Talmhaíochta deir siad go ndéanfaidh siad a chinntiú go ndéanfar teanga oibre don Ghaeilge in oifigí atá lonnaithe sa Ghaeltacht faoi 2020, agus chomh maith leis sin go dtugann an Roinn faoi sheirbhís a sholáthar

trí Ghaeilge do mhuintir an phobail i gceantar Ghaeltachta le linn shaolré na scéime, sé sin idir 1916 agus 2016 agus 2019.

Helen Ní Shé:

Ach an amhlaidh go bhfuil siad ag súil go gcasfaidh siad an leathanach i 2020 agus go mbeidh gach éinne ábalta ... (sin é)... an Ghaelainn a labhairt ag an pointe sin?

Rónán Ó Domhnaill:

Sin an pointe go mbeinnse a' dhéanamh, ní féidir a rá, ní dhéanann sé... is deacair... tá mé... cén chaoi a chuirfidh mé é, is deacair a shamhlú cén chaoi gur féidir a chinntiú go mbeidh an Ghaeilge mar theanga oibre faoin mbliain 2020 má tá tú ag earcú daoine, sa mbliain 2017 agus gan riachtanais Gaeilge a bheith leagtha síos leis an bpost sin, ní... ní fheictear dhomsa mura bhfuil argóint níos níos... nach bhfuil feicthe agam a thiocfas ón Roinn Talmhaíochta ní fheictear dhomsa faoi láthair cén chaoi gur féidir an dá rud a nascadh le chéile.

Helen Ní Shé:

Sea, ach sul... inniu, inniu an t-ochtú lá do mhí na Samhna 2017, an bhfuil iachall ar an Roinn go mbeadh riachtanas Gaeilge ag baint leis an bpost inniu?

Rónán Ó Domhnaill:

Tá riachtanas ann ó thaobh, deir siad go mbeidh seirbhísí á sholáthar trí Ghaeilge acu go mhuintir an phobail i gceantair Ghaeltachta. Tá riachtanas ann, deir siad, faoin mbliain 2020 go mbeidh Gaeilge mar theanga oibre. Ach sin.. ach ansin ó thaobh an dualgais reachtúil caithfidh mé a bheith, is féidir liom a rá nach bhfuil, go gcreidfim nach bhfuil sé ceart, nach bhfuil sé cóir, go bhfuil sé ag dul in aghaidh polasaí an Stáit. Ó thaobh an dualgais reachtúil, caithfidh mé a bheith an-chúramach ó thaobh réamhbhreithiúnas a thabhairt, dá ndéarfainnse leatsa anois ar an bhfón céad faoin gcéad go bhfuil sárú reachtúil anseo, go bhfuil sárú reachtaíochta anseo, bheadh mo lámha á cheangailt agam ó thaobh aon fhiosrúchán foirmiúil a d'fhéadfaí a bheith á dhéanamh agam amach anseo. Má bhíonn ormsa imscrúdú foirmiúil a sheoladh in aghaidh na Roinne Talmhaíochta faoi seo d'fhéadfaí a theacht ar ais agam a' rá gur thug mé réamhbhreithiúnas faoi sin ó thaobh na reachtaíochta dhe. An rud is féidir liom a rá ná go bhfuil gealltanais tugtha acu go mbeidh an Ghaeilge mar theanga oibre sna pobail Gaeltacht, sna h-ionaid Gaeltachta seo faoin bhliain 2020 agus is deacair a thuiscint cén fáth nach mbeadh riachtanais Gaeilge ann mar sin sa mbliain 2017.. sea .. ba chóir dhom a rá freisin ceapadh mise i 2014 agus tarraingíodh os comhair, bhfuil bhí mé os comhair Coiste Oireachtais mí ina dhiaidh sin agus ceann de na rudaí is mó gur leag mé béim air ag an am sin ná go mba cheart go mbeadh foráil dhíreach san Acht fhéin a dhéarfadh go gcaithfidh aon fostaí de chuid an Stáit atá lonnaithe sa Ghaeltacht nó ag cur seirbhís ar fáil inti, go mbeadh Gaeilge ar a dtoil acu. D'fhoilsigh mé tuarascáil ar scéimeanna teanga níos luaithe i mbliana agus ceann de na nithe ba shuntasáí nó ceann de na moltaí ba shuntasáí a rinne mé ansin chomh maith ná é seo arís, go mbeadh sé leagtha síos go soiléir sa reachtaíocht go gcaithfidh Gaeilge ar a dtoil a bheith ag fostaí an Stáit atá lonnaithe sa Ghaeltacht nó atá ag cur seirbhísí ar fáil inti agus gheobhadh sé seo réidh leis an éiginnteacht, aon éiginnteacht a bheadh ann faoi seo...

Helen Ní Shé:

Sea...agus leis sin thánn tú a' trácht ar dhochtúirí, thánn tú a' trácht ar altraí, thánn tú a' trácht ar ghardaí, thánn tú a' trácht ar mhúinteoirí, an bhfuileann tú?

Rónán Ó Domhnaill:

Tá, tá agus go gcaithfeadh an Stát.. luíonn sé le réasún, má tá an Stát ag rá go gcaithfidh na pobail plean teanga a chur le chéile, cén fáth nach mbeadh an Stát ag rá 'tá muide chun seasamh libh agus tá muide chun chuile iarracht a chinntiú go mbeidh na hoifigigh... na hoibrithe Stáit atá lonnaithe sa Ghaeltacht ag feidhmiú trí Ghaeilge nó ag cur seirbhís ar fáil sa Ghaeltacht ag feidhmiú trí Ghaeilge'. Anois beidh deacrachtaí ann, níl aon amhras orm faoi sin, go mór mhór ó thaobh postanna go bhfuil riachtanais thar a bheith speisialta go saineolaíoch, saineolas speisialta ag dul dhóibh go mór mhór, luaigh tú fhéin dochtúirí is mar sin de. Táim ag cuimhneamh ar Ospidéal an Daingin mar sin...

Helen Ní Shé:

Mar nach bhfuilid ábalta altraí, nílid ábalta cuid mhór de na hospidéil sin a oscailt agus níl siad ábalta altraí a fháil a labhródh aon teanga...

Rónán Ó Domhnaill:

An pointe go ndéanfainn faoi...faoi sin ná go...sa gcéad dul síos ba cheart ar a laghad agus ar a laghad go ndéanfaí iarracht duine le Gaeilge a earcú agus má theipeann ar an iarracht sin go ndéanfaí an dara iarracht b'fhéidir agus ina dhiaidh sin má theipeann más gá ina dhiaidh sin ach ar a laghad go dtugtar le fios go bhfuil an Stát ag seasamh linn mar phobal agus go ndéantar iarracht é a dhéanamh agus má theipeann ar an iarracht sin, bíodh sin mar atá, d'fhéadfaí cur ina lú ar an té a cheapfar an Ghaeilge a fhoghlaim...Sea...tá bealaí le thimpeall air sin..

Helen Ní Shé:

Sea...agus d'fhéadfaí an rud céanna a dhéanamh maidir leis na Gardaí gan dabht an Garda Síochána...

Rónán Ó Domhnaill:

Sea, bhfuil tá dualgais eile ar an Garda Síochána cheana féin ó thaobh Acht an Gharda Síochána agus tá muid á phlé sin go leanúnach leis an Gharda Síochána, go mbeidís in ann feidhmiú trí Ghaeilge sa Ghaeltacht agus tá fadhbannaí ansin agus tá líon na nGardaí a bhfuil ar a gcumas feidhmiú trí Ghaeilge sa Ghaeltacht níos fearr in áiteanna eile le hais a chéile agus bíonn plé agus cur is cúiteamh leis na Gardaí faoi sin agus is rud nach bhfuil mé sásta leis faoi láthair ó thaobh líon na nGardaí i gceantair éagsúla nach bhfuil ar a gcumas feidhmiú trí Ghaeilge sa Ghaeltacht.

Helen Ní Shé:

Agus an bhfaigheann tú gearáin ó Chorca Dhuibhne mar gheall air seo nó bhfuil aon ghearáin facha agat ó Chorca Dhuibhne maidir le cúrsaí na nGardaí nó altraí nó aon ní dá leithéid sin?

Rónán Ó Domhnaill:

Tá ó thaobh na nGardaí dhe rinneadh imscrúdú ar cás, ní i gCorca Dhuibhne ach bhain sé le Dún na nGall, faoi líon na nGardaí ar stáisiún ar an Bhun Beag ach as sin d'eascair moltaí faoi go

gcaitheadh na Gardaí a chinntiú go mbeadh Gardaí le Gaeilge ag feidhmiú sa nGaeltacht agus chomh maith rinneadh moltaí ó thaobh an córas tástála ann, atá ann ó thaobh na Gaeilge dhe. Ar an iomlán ó thaobh líon na ngearán as Corca Dhuibhne agus as Ciarraí tá siad íseal go maith sílimse, sílim ó thaobh na figiúirí anuraidh, níl siad os mo chomhair anseo ach ó thaobh líon na ngearán anuraidh sílim go bhfuil siad faoi bhun deich faoin gcéad cinnte b'fhéidir faoi bhun cúig faoin gcéad ón ceantar.

Helen Ní Shé:

Bhfuil is cinnte go raibh Gaeilge líofa aige na nGardaí go léir a bhí i láthair ag an Oireachtas so i gcaitheamh an deireadh seachtaine ach go háirithe. N'fheadar an raibh Gaelainn ag bainisteoir an Óstáin ach bhí cinnte aige na Gardaí, bhí...

Rónán Ó Domhnaill:

Go raibh maith agat faoi sin, Helen...

Helen Ní Shé:

Fáilte is fiche romhat, ach ag filleadh thar n-ais ar an bpost áirithe seo sa Daingean fiú abair Stiúrthóir na Gaeilge i Roinn na Gaeltachta, Aodhán Mac Cormaic, bhí sé siúd ag caint i dTithe na Oireachtais tráthnóna inné agus ní raibh sé siúd, dúirt sé nach raibh sé sásúil ná inghlactha ag an Roinn go mbeadh ar mhuintir na Gaeltachta plé le Roinn eile Stáit i mBéarla, mar sin n'fheadar an dtuigeann, an bhfuil aon chomhoibriú idir na ranna Stáit éagsúla?

Rónán Ó Domhnaill:

Sílim go léiríonn sé sin an ghá le foráil dhíreach sa reachtaíocht fhéin, go mbeadh sé leagtha síos sa reachtaíocht féin seachas a bheith ag brath ar scéim teanga. Agus cuimhnigh ag deireadh an lae gurb iad Roinn na Gaeltachta agus Aire na Gaeltachta a dhaingnigh an Scéim Teanga seo leis an Roinn Talmhaíochta agus tá deis sna scéimeanna sin, a chinntiú nach bhféadfadh sé tarlú gan aon éiginnteacht a bheith ann ach an rud atá léirithe agamsa, is dóigh, ó thaobh na scéimeanna seo ná go b'é atá muide atá ag fáil agus muide ag déanamh monatóireacht ar na scéimeannaí ná go bhfuil siad lán le héiginnteacht, go bhfuil siad lán le doiléireacht, nach bhfuil aon soiléireacht ann faoi céard iad na dualgais atá ann go minic agus sin an chúis go bhfuil sé tábhachtach go mbeadh sé leagtha síos go soiléir sa reachtaíocht fhéin go mbeadh foráil dhíreach ann a' rá féach, má tá an Stát ag fostú duine eicint le dhul ag obair sa nGaeltacht nó ag fostú duine eicint a bhéas ag cur seirbhís ar fáil sa nGaeltacht caithfidh Gaeilge a bheith ag an duine sin agus ní bheadh aon éiginnteacht bainteach leis sin. Bheadh's ag an Roinn Talmhaíochta nó aon Roinn Rialtais eile má tá siad ag fógairt poist sa Daingean nó i Ros a' Mhíl, sa chéibh ansin, go gcaithfidh Gaeilge a bheith ag an duine sin.

Helen Ní Shé:

Anois tá litir scríte agat go dtí an Roinn ach cad a tharlóidh maidir leis na folúntaisí áirithe seo? An mbeifeá ag súil go ndéanfaidís iad a fhógairt arís?

Rónán Ó Domhnaill:

Bhfuil bheinn ag súil go gcloífear leis an ngeallúint atá ann ó thaobh na reachtaíochta dhe. Sin é an chaoi gur féidir liom é a chur faoi láthair. Feictear dhom go bhfuil sé seo thar a bheith

tromchúiseach ar go leor bealaí, go mór mhór ó thaobh polasaí ó thaobh na Gaeilge dhe maidir le is atá ag an Stáit agus ó thaobh fostaithe le Gaeilge. D'iarr mé ar an Ard-Rúnaí filladh orm go luath, go raibh práinn faoi leith ag baint leis seo sa mhéid is go bhfuil an post fógraithe anois. Níor sheol mé an litir go dtí inné, caithfidh mé deis a thabhairt anois féachaint céard a thioctas ar ais i mo threo, ach ní cheart go dtarlódh sé sa gcéad dul síos creidimse.

Helen Ní Shé:

Tá go maith, go raibh míle maith agat, a Rónáin, as labhairt linn inniu anso ar an Saol Ó Dheas, an Coimisinéir Teanga anso a lucht éisteachta, Rónáin Ó Domhnaill agus é ag tagairt don bpost atá fógraithe i gCuan an Daingin aige an Roinn Talmhaíochta d'oibrí ginearálta agus gan riachtanas Gaelainn fógartha leis an bpost san ar an gcuma chéanna agus atá ná fuil leis an bpost áirithe a fógraíodh i Ros a Mhíl